# Balla Humpty Dumpty

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - feasacht ar spásúlacht, cruthanna 3T<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga, OSIE* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna matamaiticiúla<br>• Réasúnaíocht - gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | bloic thógála, thar, faoi, suas, síos, ar, le, os cionn, faoi bhun, gar do, i bhfad ó, deas, clé, rudaí a/nach rollann, a/nach luíonn, le chéile, sféar, ciúb, ciúbóideach, sorcóir, faobhar, coirnéal, aghaidh, díreach, cuar/cuartha, cruinn, leibhéalta |
| **Áiseanna** | bloic thógála |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1
Tabhair am do na daltaí dul i mbun saorshúgartha leis na bloic thógála.

### 2 Gníomhaíocht 2
Sórtálfaidh daltaí na bloic thógála ina gcruthanna a rollann agus nach rollann, cruthanna a théann le chéile agus cruthanna nach dtéann le chéile.

### 3 Gníomhaíocht 3
D'imigh an tógálaí áitiúil chun balla a thógáil inniu. Cad iad na tréithe a bhaineann le balla maith? Úsáideann an rang bloic thógála chun balla a thógáil faoi stiúir an mhúinteora. Úsáideann an múinteoir straitéisí 'smaoineamh os ard' chun béim a chur ar theanga chrutha.

### 4 Gníomhaíocht 4
Ba mhaith le Humpty Dumpty balla nua. Pléigh na tréithe a bhaineann le balla maith do Humpty Dumpty. An féidir leat an balla nua a thógáil? Déan cur síos ar do bhalla.

### 5 Gníomhaíocht 5
Is féidir leis na daltaí oibriú i mbeirteanna. Tabharfaidh dalta amháin treoracha dá chomhscoláire chun balla a thógáil. Mar shampla, cuir ceithre chiúbóideach ag an mbun. Os cionn na gciúbóideach úsáid ocht gciúb. Úsáid sorcóirí ina seasamh ar a n-aghaidh leibhéalta ag an mbarr.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na cruthanna a d'úsáid tú?<br>• Cad iad na cruthanna a chuaigh le chéile/ nach ndeachaigh le chéile?<br>• Cad iad na cruthanna a rollann/nach rollann?<br>• Cé mhéad cruth a d'úsáid tú?<br>• Cad iad na dathanna a d'úsáid tú?<br>• Cé mhéad x a d'úsáid tú? | • Cad a tharlódh mura mbeadh ciúbanna ar bith agat?<br>• An féidir leat smaoineamh ar bhealach níos fearr chun an balla a dhéanamh?<br>• An féidir leat a mhíniú conas a rinne tú do bhalla?<br>• Conas is féidir leat a chinntiú nach dtitfidh do bhalla? Mínigh an fáth.<br>• Conas is féidir leat an balla a athrú ionas go bhfuil patrúin air? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.